
# Baneolaithe Éireannacha



## Kathleen Lonsdale



Criostalagrafaí agus cumarsáidí eolaíochta. Gníomhaí ar son athchóiriú na bpríosún. D'aimsigh sí ord na n-adamh sa heicsimheitilbeinséin.

## Sheila Tinney



An chéad Éireannach mná le PHD sa mhatamaitic a bhaint amach. Saineolaí san fhisic chandamach. Ar dhuine den chéad cheathrar ban a fuair áit in Acadamh Ríoga na hÉireann.

## Agnes Mary Clerke



Réalteolaí agus scríbhneoir. D'ainmnigh an tAontas Réalteolaíoch Idirnáisiúnta cráitéar ar an ngealach aisti.

## Margaret Huggins



Réalteolaí agus ceannródaí speictreascópachta. Leag sí bunchlocha le haghaidh fhorbairt na réaltfhisice.

## James Barry



Máinlia míleata. Baineann nuair a rugadh é ach chaith sé a shaol mar fhear.

## Ellen Hutchins



An chéad luibheolaí Éireannach mná. D'aimsigh agus bhailigh sí na céadta cineálacha. Ainmníodh roinnt mhaith speiceas plandaí aisti.

## Máirin de Valéra



An chéad Ollamh le Luibheolaíocht in OÉ Gaillimh. Saineolaí in algaí na farraige ar chósta thiar na hÉireann.

## Phyllis Clinch



Luibheolaí. D'aimsigh sí galair i bplandaí prátaí. An chéad bhean chun Bonn Boyle – duais de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath – a bhuachan in 1961.

## Kay McNulty



Ríomhchláraitheoir. Duine den chéad seisear a bhí ag obair ar an gcéad ríomhaire digiteach leictreonach ilfheidhmeach.

## Mary Ward



Réalteolaí agus micreascópaí. D'oibrigh sí ar an teileascóp frithchaiteach ba mhó ar domhan. D'fhoilsigh sí leabhar léaráidí de rudaí éagsúla faoi mhicreascóp.

## Helen Megaw



Criostalagrafaí agus mianreolaí. D'oibrigh sí ar oighear agus ar phearóivscítí. An chéad bhean chun Bonn Roebling – duais de chuid Chumann Mianreolaíochta Mheiriceá – a bhuachan.

*réalteolaithe + ceimiceoirí + matamaiticeoirí + scríbhneoirí + bitheolaithe + eolaithe ábhar + mianreolaithe + feachtasóirí + luibheolaithe + déantóirí + lianna + fisiceoirí + criostalagrafaithe + códóirí + gníomhaithe + oideoirí + údair + ealaíontóirí micreascópaithe*

**Faigh tuilleadh eolais faoi bhanlaochra na hÉireann:**
www.herstory.ie
womenareboring.wordpress.com/